

Miontuairiscí

Cruinniú de chuid Toscaireacht

2.30 pm – 4.30 pm, 27 Meitheamh 2019 ag an gComhairle Ealaíon, 70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

I láthair

Anne Haverty (an Cathaoirleach); Cathy Carman; Michael Holohan; Thomas McCarthy; Samuel Walsh; Bob Quinn; Rhona Clarke, Geraldine O'Reilly

Ag an gcruinniú

Karen Hennessy (Cláraitheoir Aosdána)

Leithscéal ó

Eamon Colman, Vincent Woods,

Miontuairiscí ón gcruinniú deiridh agus nithe a tháinig chun cinn

Rinneadh athbhreithniú ar mhiontuairiscí ó chruinniú an 21 Bealtaine. Tá an cláraitheoir chun sonraí a shoiléiriú maidir leis an líon míreanna ar na miontuairiscí agus iad a atheisiúint.

An Tionól Ginearálta

Thug Bob Quinn le fios gur seoladh litir chuig Gaillimh2020 inar leagadh amach nach bhféadfadh Aosdána an Tionól Ginearálta a bheith acu i nGaillimh in 2020 ar chúiseanna praiticiúla. D'admhaigh Gaillimh2020 an litir.

Cinneadh gur cheart an cruinniú a reáchtáil i mBaile Átha Cliath ar mhaithe le héascaíocht rochtana tar éis dó bheith taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath in 2019. Ach ba cheart machnamh a dhéanamh ar an ionad. Bhí fáiltiú agus Tionól iontach in UCC. Meastar gur ionad iontach é IMMA, ach dá mbeadh ionad eile a d'fhéadfadh cuireadh a thabhairt d'Aosdána ar an mbealach céanna is a rinne UCC d'fhéadfadh sé an Tionól a oscailt do chlár imeachtaí cosúil leis an gceann a bhí ar bun in 2019. Moladh an National Convention Centre mar mhalairt le IMMA agus mar chomhartha ómóis do Kevin Roche a fuair bás i Márta 2019. Tá an Cláraitheoir leis sin a fhiosrú anuas ar roghanna eile.

Breathnaíodh ar dhátaí. Beidh Domhnach Cásca ar an 12 Aibreán 2020 agus Aoine an Chéasta ag titim ar an 10 Aibreán. D'fhágfadh sé sin an 3 Aibreán mar Aoine don Tionól má táthar ag iarraidh é a dhéanamh roimh an gCáisc. Ní bhíonn IMMA ar fáil ar an Aoine mar sin is ar an 1 Aibreán a bheadh sé in IMMA. Tá sé seo luath in Aibreán agus dúirt roinnt ball gur mhaith leo an Tionól a bheith acu níos deireanaí in Aibreán ná mar a bhí in 2019. D'fhéadfaí an Tionól a reáchtáil tar éis na Cásca agus a bheith ar siúl i rith na seachtaine an 20 Aibreán nó an 27 Aibreán.

Tá an Cláraitheoir chun litir a dhréachtú chuig baill chun ainmniúcháin a spreagadh i measc foirmeacha ealaíne agus inscne éagsúla, a sheolfar in éindí leis an ngairm ar ainmniúcháin do 2019. Ba cheart go gcuirfeadh an litir seo i gcuimhne do bhaill freisin faoina bhfreagracht i ndáil le healaíontóirí a ainmniú, vótáil ar ainmniúcháin agus freastal ar an Tionól Ginearálta.

Tá Treoiríníte le haghaidh ainmnitheoirí le dréachtú ag an gCláraitheoir freisin mar nach bhfuil baill nua ar an eolas i gceart faoin bpróiseas seo.

Déanfaidh an Toscaireacht maoirsiú ar na dréachtaí sin agus eiseoidh an Cláraitheoir do bhaill iad i bhfómhar 2019 nuair a osclóidh an ghairm d'ainmniúcháin.

Dúradh go mbeidh an Tionól Ginearálta in 2021 ar bun cothrom 40 bliain ó bunaíodh Aosdána.

Táthar fós ag plé an Taighde Staitistiúil a cuireadh i láthair ag an Tionól Ginearálta. Thug roinnt ball aiseolas don Toscaireacht maidir lena smaointe ar inscne agus na staitisticí. Moladh gur cheart aon duine a chuireann a smaointe chun cinn a spreagadh leis sin a dhéanamh trí cháipéis PDF a d'fhéadfaí a dháileadh ar gach duine.

Tugadh faoi deara gur mhná a bhí i gcúigear de na baill nua a toghadh in 2019 agus go raibh braistint ann go rabhamar ag tabhairt faoi Ré Órga de Chruthaitheacht na mBan sna 2020idí.

Litir na Toscaireachta chuig Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon, Kevin Rafter

Thug Anne Haverty le fios gur scríobh sí chuig Cathaoirleach nua na Comhairle Ealaíon, Kevin Rafter, chun fáilte a chur roimhe ina ról nua agus an Cnuas a phlé. Léigh Anne amach an litir. Fuarthas admháil ar an litir ón gComhairle Ealaíon.

Pléadh Coiste an Oireachtais. Bhí Kevin Rafter roimh an gcoiste Oireachtais mar is gnáthchleachtas. Ceapadh gur smaoinemh maith a bheadh ann go ndéanfaidh Aosdána cur i láthair don choiste Oireachtais am éigin. Dúradh go bhfuil an Coiste ag bailiú eolais i gcónaí agus go mbeadh sé ábhartha dul isteach agus a bheith ann nuair a bheadh pointe ar leith le déanamh. Is é an próiseas atá ann aighneacht a dhéanamh agus ansin eisítear iarratas le teacht roimhe. Tá Peadar Tóibín éirithe as anois mar Chathaoirleach agus tá Aonghus Ó Snodaigh tagtha ina áit.

An scéal is déanaí faoin Saoi

Beidh Roger Doyle ag ceiliúradh a 70ú breithlá ar an 17 Iúil 2019. Tá an t-eolas seo curtha in iúl d'oifig an Uachtaráin.

Dámhachtain Anthony Cronin

Reáchtálfar ceiliúradh chun ómós a léiriú don scríbhneoir Dermot Bolger mar fhaighteoir Ghradam Anthony Cronin ag a 5.00 pm an 27 Meitheamh 2019 leis an Toscaireacht agus Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon Orlaith McBride. Eiseofar mír nuachta ar an nGradam tar éis na hócáide.

Oíche Chultúir

Beidh Oíche Chultúir ar siúl an 20 Meán Fómhair 2019. Is cosúil gur tréimhse róghearr atá ann le planáil i mbliana don chineál imeachta a moladh ina mbeadh léamha; taibhithe; taispeántais. Ba cheart d'Aosdána féachaint ar phlean do Mheán Fómhair 2020. Osclaíonn an Chomhairle Ealaíon thíos staighre amháin i 70 Cearnóg Mhuirfean. Meastar go bhfuil an spás sin róchúng don chineál gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh Aosdána a mholadh. Luadh

foirgneamh ar Shráid Henrietta mar láthair fhéideartha. Tá Bob Quinn chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh air seo.

Obair leantach

Tá an Clárúitheoir le hionaid mhalartacha eile i mBaile Átha Cliath a fhiosrú don Tionól Ginearálta 2020 agus dátaí feiliúnacha.

Tá an Clárúitheoir chun litir a dhréachtú chuig baill chun ainmniúcháin a spreagadh i measc foirmeacha ealaíne agus inscne éagsúla, a sheolfar in éindí leis an ngairm ar ainmniúcháin do 2019. Ba cheart go gcuirfeadh an litir seo i gcuimhne do bhaill freisin faoina bhfreagracht i ndáil le healaíontóirí a ainmniú, vótáil ar ainmniúcháin agus freastal ar an Tionól Ginearálta.

Tá an Clárúitheoir chun Treoirínite d'Ainmnitheoirí a dhréachtú.

Tá Bob Quinn chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar úsáid an fhoirgnimh ar Shráid Henrietta le haghaidh chlár Oíche Chultúir Aosdána.